

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

**Meastóireacht Scoile Uile**

**TUAIRISC**

**Gaelscoil an Teaghlaigh Naofa,  
Baile Féitheán, Corcaigh  
Uimhir rolla: 18292P**

**Dáta na cigireachta: 3 Meitheamh 2014**



**AN ROINN | DEPARTMENT OF  
OIDEACHAIS | EDUCATION  
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

## 1. Réamhrá

Is bunscóil chomhoideachais í Gaelscoil an Teaghlaigh Naofa atá faoi phatrúnacht Easpag Chorcaí agus Róis. Tá stádas DEIS Banda 2 ag an scoil seo. Tá 226 dalta ag freastal ar an scoil agus tá na huimhreacha seasmhach le roinnt blianta anuas. Tá tinreamh na ndaltaí ar leibhéal ard.

Le linn na meastóireachta scoile uile bhreathnaigh cigirí ar theagasc agus ar fhoghlaim i naoi gcinn de sheomraí ranga agus i dtí shuíomhanna um theagasc tacaíochta. Ba léir go raibh an scoil ag feidhmiú ar bhonn an-sásúil faoi chúram príomhoide mhachnamhach agus fhoireann scoile dúthrachtach, proifisiúnta. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

## 2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Tá bord bainistíochta an-éifeachtach ag an scoil.
- Tá atmaisféar fíor-Ghaelach taitneamhach foghlama sa scoil
- Tá gaol láidir idir an scoil agus an pobal mórthimpeall.
- Oibríonn an príomhoide agus na múinteoirí go comh-oibritheach, díograiseach chun oideachas d'ard-chaighdeán a chur ar fáil.
- Is léir go bhfuil dul chun cinn suntasach a dhéanamh ag formhór na ndaltaí sa léitheoireacht Béarla agus sa Mhatamaitic.
- Tá caighdeán ard sa Ghaeilge labhartha bainte amach ag formhór na ndaltaí.
- Tá an obair a dhéantar ar son daltaí le riachtanais foghlama go mór le moladh.
- Tá tuismitheoirí na scoile le moladh as an gcúnamh a thugann siad don scoil.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar ard-chaighdeán na hoibre sna h-ábhair éagsúla a cheiliúradh ar bhonn níos leithne trasna na scoile.
- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe den chóras pleanála agus taifid.
- B'fhiú réimse níos leithne de straitéisí a cheapadh chun suim sa léitheoireacht a chothú a thuilleadh.
- Moltar breis deiseanna scríbhneoireachta a sholáthar i slí struchtúrtha chun scileanna na ndaltaí a fhorbairt a thuilleadh.
- Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcur chuige maidir le cláracha foghlama aonair do dhaltaí le riachtanais speisialta

## 3. Cáilíocht bhainistíochta na scoile

- Tá éifeacht an bhoird bainistíochta le moladh. Tá an plean scoile atá leagtha amach á chur i bhfeidhm go sásúil. Tionóltar cruinnithe go rialta agus coimeádtar miontuairiscí soiléire. Leantar próiseas ceart i bhforbairt polasaithe na scoile agus déantar bainisteoireacht éifeachtach ar chúrsaí airgid. Is inmholta mar a chothaítear rannpháirtíocht na dtuismitheoirí. Léiríonn an bord a chuid sástachta i dtaobh saothair agus díograis na múinteoirí uile agus tuigeann baill an bhoird an tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil, leanúnach na foirne teagaisc. Chun cur le héifeacht an bhoird a thuilleadh, moltar, chomh minic agus is féidir, gnó na gcruinnithe a

dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Moltar, chomh maith, cuntais airgid na scoile a dheimhniú go h-oifigiúil ar bhonn bhliantúil.

- Tá fíis don Ghaelscolaíocht ag an bpríomhoide agus soláthraíonn sí ceannaireacht fhuinniúil. Treoraíonn sí pobal na scoile, dearbhaíonn sí iarrachtaí na fóirne agus cothaíonn sí próiseas beoga cumarsáide ina measc. Tá cabhair an-ghairmiúil le fáil ón bpríomhoide tánaisteach nuacheaptha. Toisc go bhfuil freagrachtaí ábhartha ag an bpríomhoide tánaisteach, moltar go dtabharfaí deiseanna di cur i láthair a dhéanamh ar a cuid dualgas don bhord ó am go chéile. Chun cur le hobair na foirne bainistíochta in-scoile a thuilleadh, moltar cruinnithe foirne oifigiúla a eagrú ar bhonn rialta agus miontuairiscí a choimeád. Moltar, chomh maith, toisc go bhfuil cultúr comhoibrithe sa scoil, baill den fhoireann teagaisc le scileanna oiriúnacha agus le suim a roghnú chun gnéithe éagsúla an churaclaim a stiúradh ar bhonn scoile uile.
- Cinntítear go ndéantar cóiríocht chuí a sholáthar agus moltar an obair atá déanta ag an mbord, ag na tuismitheoirí agus ag an bhfeighlí scoile chun suíomh na scoile a choimeád ar ardchaighdeán. Cabhraíonn rúnaí na scoile go mór agus go héifeachtach i gcúrsaí riaracháin.
- Déantar gach iarracht lena chinntiú go gcuirtear fáilte roimh tuismitheoirí a bheith páirteach i ngnéithe d'obair na scoile agus i ngnéithe éagsúla den churaclam. Cuidíonn cumann na dtuismitheoirí go gníomhach chun aidhmeanna na scoile a chur i gcrích.
- Cuireann iompar dearfach na ndaltaí go mór le saibhreas saoil sa scoil agus le foghlaim éifeachtach sna seomraí ranga.

#### 4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá dea-obair déanta ag an mbord agus ag an bhfoireann teagaisc réimse polasaithe a bhaineann le riarachán scoile agus le gnéithe den churaclam a ullmhú. Leantar próiseas inmholta maidir le forbairt na bpolasaithe seo. Ar bhonn ginearálta tá an teagmháil le tuismitheoirí aitheanta ag an mbord mar chuid lárnach den phróiseas cumarsáide sa scoil. Tugann polasaithe na scoile treoir ghinearálta a chuidíonn leis na muinteoirí an fhoghlaim a chéimniú ó rang go rang. Cé gur léir go dtugann an bord lán-chúnamh don phobal sainspiorad na scoile i leith na gaelscolaíochta a chur chun cinn, bheadh sé cabhrach, anois, leagan dá-theangach de na príomh-pholasaithe a chur ar fáil.
- Soláthraíonn gach múinteoir ullmhúchan scríofa don teagasc agus bunaítear na ceachtanna ar bhun-phrionsabail Churaclam na Bunscoile. Déantar taifead ar dhul chun cinn na hoibre sna cuntais mhíosúla. Cé go bhfuil an córas atá i bhfeidhm éifeachtach go leor, moltar, ar mhaithe le soiléireacht, athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuigí pleanála na múinteoirí agus ar an gcóras reatha chun taifead a choimeád ar dhul chun cinn na hoibre i dtreo is go mbeadh sé níos éasca anailís a dhéanamh ar leanúnachas na hoibre ar bhonn scoile.
- Déantar anailís córasach ar thorthaí na foghlama trasna na scoile, agus, go mórmhór, ar thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe sa Ghaeilge, sa léitheoireacht i mBéarla agus sa Mhatamaitic. De réir na fianaise is léir go bhfuil dul chun cinn suntasach a dhéanamh ag na daltaí, i gcoitinne.
- Cé go raibh caighdeán maith ag baint le hobair na ndaltaí i gcóipleabhair i ranganna eagsúla, moltar monatóireacht rialta a dhéanamh ar an obair rí-thabhtach seo agus aiseolas struchtúrtha a chur ar fáil sna cóipleabhair ar bhonn scoile uile. Moltar, chomh maith, níos mó samplaí oibre na ndaltaí a cheiliúradh in áiteanna feiceálacha sa scoil chun ardchaighdeán na hoibre a thaispeáint do phobal iomlán na scoile agus chun daltaí a spreagadh chun suime.
- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbunscoile*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbunscoile*.

## 5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tá ag éirí go maith leis na múinteoirí atmaisféar taitneamhach foghlama a chruthú do na daltaí. Úsáidtear meascán oiriúnach de mhodhanna teagaisc agus gníomaíochtaí foghlama spreagúla. Bíonn an obair suimiúil agus cleachtar gníomhaíochtaí torthúla le ranganna, le grúpaí agus le daltaí aonair. Moltar rannphairtíocht na ndaltaí sa bhfoghlaim San iomlán bíonn an teagasc éifeachtach. Is léir, ó cheistneoirí na dtuismitheoirí go bhfuil siad an-sásta le cáilíocht an teagaisc sa scoil. De réir na fianaise ó cheistneoirí na ndaltaí (rang a trí go dtí rang a sé) taitníonn an scoil go mór leo agus cheapann siad gur scoil mhaith í Gaelscoil an Teaghlaigh Naofa. Chun cur leis an obair a thuilleadh, moltar, plé a dhéanamh, anois, ar bhonn scoile uile, ar éifeacht theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide sa teagasc agus san fhoghlaim.
- Is í an Ghaeilge gnáth-theanga na scoile, rud a chuireann comhthéacs cumarsáideach ar fáil do na daltaí an Ghaeilge a úsáid i slí bheo nádúrtha. Freastaláíonn formhór na leanaí ar an Naoinra áitiúil agus is buntáiste mór é seo don scoil. Le linn an mheasúnaithe bhí dea-chleachtas le sonrú i bhfoghlaim agus i dteagasc na Gaeilge. Ba léir, ó bheith ag caint le daltaí sna ranganna agus timpeall na scoile, go raibh dul chun cinn nach beag á dhéanamh ag a bhformhór. Cé go ndéantar scríbhneoireacht chruthaitheach anois is arís, moltar, breis deiseanna scríbhneoireachta a sholáthar i slí struchtúrtha chun scileanna na ndaltaí a fhorbairt a thuilleadh. Moltar, chomh maith, réimse níos leithne d'ábhair léitheoireachta a chur ar fáil agus anailís a dhéanamh ar na féidearthachtaí iontu chun cur le saibhreas teanga na ndaltaí sa chaint agus sa scríbhneoireacht.
- Tá rath ar mhúineadh an Bhéarla chomh maith agus déantar forbairt torthúil ar na príomh-scileanna maidir le caint, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Léann formhór na ndaltaí go cruinn agus forbraítear a gcumas cainte agus scríbhneoireachta go córasach. B'fhiu réimse níos leithne de straitéisí a cheapadh chun suim sa léitheoireacht a chothú a thuilleadh. Moltar, chomh maith, an saibhreas sa phrionta i seomraí eagsúla a cheiliúradh níos mó ar fud na scoile agus tábhacht na peannaireachta a phlé a thuilleadh ar bhonn scoile uile.
- Sonraítear caighdeán ard i dteagasc na Matamaitice agus léiríonn formhór na ndaltaí tuiscint mhaith ar na coincheapa cuí. Múintear na ceachtanna go cúramach, córasach agus bíonn na daltaí gníomhach san obair go minic. Déantar iarracht mhaith tascanna a chur in oiriúint do dhaltaí le riachtanais éagsúla foghlama. De réir na fianaise, idir thrialacha caighdeánaithe, chóipleabhair na ndaltaí, cheistneoirí na dtuismitheoirí agus na ndaltaí agus ón idir-ghníomhaíocht le daltaí i ranganna éagsúla bíonn an teagasc éifeachtach agus sroichte ar caighdeán ard sa bhfoghlaim, i gcoitinne. Chun cur leis an obair a thuilleadh fós moltar timpeallacht spreagúil matamaitice a eagrú i ngach seomra ranga agus féidearthachtaí matamaitice i dtimpeallacht na scoile a shaothrú a thuilleadh.
- Cothaítear suim na ndaltaí sa Stair go héifeachtach. Sonraítear am-líntí agus iarsmalanna staire i seomraí eagsúla. Múintear an Stair i slí comhtháite agus baintear úsáid fóna as modh na scéalaíochta sna bunranganna, ach go háirithe. Trasna na scoile cuirtear béim faoi leith ar an gcultúr Gaelach agus ar an gceol traidisiúnta. Chun an obair a chur ar bhonn níos spreagúla, moltar, athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na dtéacsleabhar sa Stair agus béim níos mó a chur ar ghnéithe de stair na timpeallachta agus na cathrach. Anuas ar sin, moltar go leagfaí béim anois ar chóras mheasúnaithe a fhorbairt don Oideachas Sóisialta, Imshaoil, agus Eolaíochta chun cáilíocht foghlama na ndaltaí a mheas maidir le heolas nua, scileanna stairiúla agus feasacht thuisceaneach na ndaltaí.

## 6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Tá plean uile scoile cuimsitheach don oideachas speisialta agus tá an cur chuige céimnitheach atá i bhfeidhm sa scoil leagtha amach go soiléir.
- Tá nósanna luath-aithint agus luath-idirghabhála i bhfeidhm agus torthaí creidiúnacha le sonrú sa dul chun cinn. Tá caidreamh maith idir na daltaí agus na múinteoirí agus cumarsáid chomhoibrítheach idir na múinteoirí ranga agus na múinteoirí tacaíochta.

- I láthair na huairé tá triúr den fhoireann a bhfuil cúram thacaíocht foghlama agus oideachais speisialta orthu. Tá córas teagasc feabhais ann do na daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu sa litearthacht nó san uimhríocht agus déantar freastal an-mhaith orthu. Baintear dea-úsáid as cláracha speisialta, ‘*Mata sa Rang*’ agus ‘*Reading Recovery*,’ mar shampla, as tacaíocht inranga agus as tacaíocht aonair nó tacaíocht i ngrúpaí. Eagraítear gníomhaíochtaí teagaisc go rianúil sa Mhatamaitic agus déantar tuiscint na ndaltaí ar na coincheapa agus ar na bunobreacha a fhorbairt.
- Bíonn na múinteoirí ag freastal chomh maith ar dhaltaí eile a bhfuil míchumas foghlama nó teastáil speisialta. Tá an obair a dhéantar ar son na ndaltaí seo go mór le moladh. Stiúrtar obair na gcúntóirí le haghaidh riachtanais speisialta go tuisceanach agus comhoibríonn na cúntóirí leis na múinteoirí. Tá raon chúrsaí a bhaineann le gnéithe den oideachas speisialta déanta ag múinteoirí áirithe agus moltar go leagfaí síos plan d’fhorbairt ionghairme na foirne a bhíonn ag plé le riachtanais speisialta.
- Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcur chuige maidir le cláracha foghlama aonair lena chinntiú go bhfuil cur chuige seasamhach i measc na múinteoirí nuair a bhíonn spriocanna foghlama sainiúla á aithint.
- B’fhiú iniúchadh a dhéanamh ó am go chéile, ar áiseanna na scoile lena chinntiú go bhfuil siad curtha in oiriúint, chomh fada agus is féidir, do dhaltaí a bhfuil míchumas cloisteála orthu.
- Is léir go gcuireann tionchar obair an mhúinteoir teagmhála baile agus scoil go mór leis an gcomhoibriú idir tuismitheoirí agus an scoil. Eagraítear gníomhaíochtaí fiúntacha chun cabhrú le tuismitheoirí páirt a ghlacadh i dtacú leis an bhfoghlaim atá ar siúl ag a gcuid leanaí. Cuirtear deiseanna ar fáil do na tuismitheoirí a scileanna pearsanta a fhorbairt chomh maith.
- Cabhraíonn cláracha eile faoi straitéis DEIS atá ar siúl sa scoil chun daltaí áirithe a mhealladh chun freastal go rialta ar scoil agus chun gnóthachtáil na ndaltaí a chur chun cinn agus a gcuid scileanna a fhorbairt.

# **Aguisín**

**Freagra na Scoile ar an Tuairisc**

**Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta**

**Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Cuireann an Bord Bainistíochta, foireann na scoile, agus Cumann na dTuismitheoirí, fáilte roimh an tuairisc dhearfach M.S.U. seo.

Is cúis áthais don Bhord é go dtugtar aitheantas do dhíograiseacht na múinteoirí agus d'ard chaighdeán na hoibre sa scoil.

Tá an Bord an-sásta go bhfuair dea-iompar na bpáistí agus tacaíocht na dtuismitheoirí aitheantas sa MSU freisin.

**Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm**

Tá an Bord Bainistíochta I gcomhair le foireann agus páirtnéirí na scoile, ag díriú ar na moltaí a rinne na cigirí i rith an MSU, chun cur le forbairt na scoile.